Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13437/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0334(NLE)**

**AVIATION 215**
**RELEX 938**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile<br>- Glacadh |

1. Thíolaic an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Cinneadh ón gComhairle an 25 Samhain 2020.

2. Baineann an togra leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[1] lena nglactar Rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

[1] IO L 321, 20.11.2012, lch. 3.

3. Tháinig an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020. Is é an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 22 den Chomhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta atá freagrach as riaradh an Chomhaontaithe agus áirithíonn sé go gcuirtear chun feidhme go cuí é.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Eitlíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle[2] agus an iarscríbhinn[3] a ghabhann leis an 3 Nollaig 2020.

5. Is í seirbhís dhlítheangeolaíoch na Comhairle[4] a d'ullmhaigh na téacsanna, mar a comhaontaíodh iad ag an Meitheal.

6. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe comhaontú na Meithle a dhaingniú agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann leis mar a leagtar amach in 13380/20 agus 13385/20 mar mhír "I/A" iad ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo.

---

2 13353/20
3 13353/20 ADD 1
4 13380/20 + 13385/20